Eagarfhocal

# Réamhrá an Eagráin #01

## Achoimre


Cuireann an tEagarfhocal eagráin #01 Irisleabhar CUJ agus a ábhar i láthair



ARNA FOILSIÚ AR
05 AIBREÁN 2022



CEADÚNAS

CREATIVE COMMONS ATTRIBUTION-NONCOMMERCIAL-NODERIVS 4.0


Irisleabhar rochtana oscailte, piarmheasúnaithe, ildisciplíneach is ea an Communications Undergraduate Journal (CUJ). Comhdhéantar go heisiach é de shaothar an luchta léinn chéanna ar a ndírítear é. Foilsítear an t-irisleabhar ag Scoil na Cumarsáide agus ag Leabharlann OCBÁC. Tá sé mar bhunsprioc aige saothar scolártha eiseamláireach de chuid an BA sa Chumarsáid san OCBÁC a thaispeáint.

Bunaíodh i 1980, ba é seo an chéad cúrsa fochéime sa chumarsáid in Éireann. Ó shin i leith tá clú agus cáil bainte amach aige mar fhórsa oideachais nuálach atá ar thús cadhnaíochta sa réimse seo. Inniu, mar chuid de Scoil Chumarsáide ina bhfuil tuairm is 1,000 mac léinn ag déanamh staidéir, áirítear é ar cheann de na 200 Ollscoil is fearr de nach mór 4,500 ar fud na cruinne i réimse na cumarsáide.

Dearadh an clár céime BA sa Chumarsáid chun tuiscint chuimsitheach, iomlánaíoch a chur ar na mic léinn faoi ról na cumarsáide i gcúrsaí áitiúila, náisiúnta agus idirnáisiúnta, trí chabhrú leo réimse scileanna a fhorbairt a chuireann ar a gcumas a machnamh a dhéanamh ar chineálacha éagsúla na cumarsáide. Oibríonn réimse leathan mhodúl an chláir as lámh a chéile chun na mic léinn a chur ar

an eolas faoi na bealaí éagsúla a théann na mórmheáin i bhfeidhm ar ár ndearcadh i leith an domhain.

Is í forbairt chumais taighde na mac léinn cuspóir foghlama eile ar a leagann CUJ béim ar leith. Oiltear na mic léinn chun ábhar scolártha na leabharlainne a fháil agus a úsáid go héifeachtach. Is bunchloch na scríbhneoireachta acadúla é a bheith in ann straitéisí cuardaigh a chur i bhfeidhm go rathúil agus fáisnéis scolártha a úsáid go criticiúil: is bunscil é seo gur cheart do gach fochéimí rathúil máistreacht a fháil air.

Clúdaíonn an t-eagrán tionscnaimh seo an CUJ réimse leathan eicléicteach ábhar. Mar achoimre, roghnaigh na heagarthóirí saothar dár mic léinn dhícheallacha a léiríonn an eisint idirdhisciplíneach an BA sa Chumarsáide (a chuimsíonn gnéithe éagsúla na cumarsáide, na meáin agus staidéir chultúrtha). Chomh maith leis sin, léiríonn na hailt roghnaithe an chaoi a n-oibríonn ár mic léinn go cruthaitheach agus go hanailíseach chun forbairtí sna réimsí seo a thuiscint go criticiúil.

Faoi láthar, tá tuairim is tríocha a sé mhodúl (idir éigeantach agus roghnach) ar fáil mar chuid den chlár seo a mhaireann trí bliana. Tá tascanna scríofa ó chúig mhodúl na bliana deiridh san imleabhar seo, i dteannta le tionscadal tráchtais na bliana deiridh amháin.

Déanann an t-alt tosaigh le hAlison Larkin critíc ar thuairisciú na meán ar chás an Central Park Jogger inar ciontaíodh go héagórach cúigear daoine gorma agus Latino óga (‘The Central Park Five’) as an ionsaí gnéasach mná i 1989. Cuireadh bunleagan an ailt seo isteach mar aiste de chuid mhodúl CM391 ‘Cine agus na Meáin’. Glacann an modúl seo cur chuige ildhisciplíneach i leith ceiste an chine agus na meán. Tá sé mar chuspóir aige díospóireacht scolártha, teoiriciúil, choincheapúil agus sochpholaitiúil a spreagadh sa réimse, d’fhonn an nasc idir chine agus eitneacht, agus an tionchar atá ag léiriúcháin chine ar an saol mór a thuiscint.

Sa dara halt, déanann Clodagh O' Donnell anailís ar fhorbairt stairiúil an chlóphreasa chun plé a spreagadh ar an teannas atá ann idir dhá dhearcadh coitianta ar an gceangal idir teicneolaíocht agus sochaí: cinnteachas teicneolaíochta, agus tionchar na sochaí ar an teicneolaíocht.

Cuireadh an t-alt seo isteach mar aiste de chuid CM392 'Eolaíocht, Teicneolaíocht, agus Sochaí'. Déanann an modúl seo scrúdú ar róil athraitheacha na heolaíochta agus na teicneolaíochta sa tsochaí, agus measúnú ar impleachtaí na bhforbairtí i réimsí na heolaíochta agus na teicneolaíochta don tsochaí.

Ina dhiadh sin, déanann Owen Murphy anailís ar 'rianú raon plé' agus tuairisc na meán ar líne agus ar Olltoghchán na hÉireann 2020. Ba mar aiste de chuid CM382 'Teoiric Chumarsáide a Chur i bhFeidhm' a scríobadh bunleagan an ailt seo. Cuireann an modúl seo mic léinn na bliana deiridh ar an eolas faoi bhunphrionsabail theoirice na cumarsáide agus béim ar leith ar conas is féidir teoiricí a úsáid chun cumarsáid dhaonna agus stiúir faoi a léirmhíniú. Déanann an modúl seo scrúdú ar theoiricí na cumarsáide atá faoi stiúir (analógach agus digiteach) freisin, agus athbhreithniú géar ar na bonn-coincheapa agus na mórthuairimí a bhfuil tionchar acu ar réimse idirdhisciplíneach na cumarsáide.

Ansin, léirmhíníonn Andrew Pacitti léiriúcháin féinmharaithe i ndráma teilifíse comhaimseartha tríd anailís chomparáideach a dhéanamh idir 13 Reasons Why de chuid Netflix agus The Walking Dead de chuid AMC. Is ar aiste a scríobadh de chuid CM3001 'Dráma Teilifíse' atá an t-alt seo bunaithe. Scrúdaítear an modúl seo réimse modheolaíochtaí a úsáidtear chun anailís chriticiúla a dhéanamh ar dráma teilifíse. Déanann sé a mhachnamh ar an gceangal idir léirithe athraitheacha i ndráma teilifíse agus an fíoreispéireas daonna, chun dianstaidéar ar dhrámaí teilifíse áirithe a éascú.

San alt leathdheireanach, déanann Georgina Kerrigan critíc ar chorpas litríochta a chuireann creat teoiriciúil ar fáil chun anailís a dhéanamh ar an gcaoi a réitíonn an lucht féachana le carachtair atá ina 'bhfrithlaochra'. Tá an t-alt seo bunaithe ar an mír athbhreithnithe litríochta de chuid a

tionscadal tráchtais 2021. Baineann sí úsáid as The Sopranos mar chás-staidéar chun imscrúdú a dhéanamh ar an ról atá ag bainistiú barúla maidir le ceangal a chothú idir an lucht féachana agus Tony Soprano, príomhcharachtar an chláir. Tugann sí aghaidh ar an gceist seo ó thaobh na síceolaíochta morálta agus na teoirice um chlaonadh mothachtálach (TCM) de.

Tráchtas fochéime lánfhada is ea an t-alt deireanach san eagrán seo. Anseo, scrúdaíonn Alison Taaffe an tionchar atá ag Instagram ar fhéinmhuinín agus ar shásamh saoil mac léinn ollscoile baineann idir 18 agus 22 bliana d'aois as saol. Léiríonn an t-alt seo an tslí a bheartaíonn agus a chríochnaíonn mic léinn tionscadal acadúla neamhspleách le linn bliain deiridh a gcláir chéime. Foghlaimíonn siad na bunscileanna agus na modhanna atá riachtanacha chun tabhairt faoi thaighde, agus cuireann siad sin i bhfeidhm i gcomhthéacs úrnua. Chomh maith leis sin, tugann a dtionscadal tráchtais deis dóibh bunghnéithe teoiriciúla an chláir chéime féin a tharraingt le chéile, agus iad a úsáid chun anailís a dhéanamh ar a n-ábhair roghnaithe.

Dírítear an t-irisleabhar seo go príomha ar lucht léitheoireachta fochéime, ach táimid ag súil le go gcuirfidh gach scoláire a bhfuil suim fhorleathan aige sna meáin agus sa chumarsáid spéis ann. I dtosach báire, tá sé mar aidhm againn tógáil ar cháil i scoláireacht fhochéime foilsithe den chéad scoth.

---

Translation by:
James Keating, School of Applied Languages and Intercultural Studies, MA in Translation Studies, Module: Simulated Translation Bureau